# Seachbhóthar Iomlán Mhaigh Chromtha go Baile Bhuirne Oscailte go hOifigiúil

## Bhí baint dhíreach ag 2,200 duine leis an tionscadal 22km.

Osclaíodh an chuid deiridh de sheachbhóthar Mhaigh Chromtha go Baile Bhuirne ar an N22 go hoifigiúil ag cur i gcrích an tionscadail €280 milliún, arna mhaoiniú ag Bonneagar Iompar Éireann, agus a cuireadh chun cinn faoi Thionscadal Éireann 2040 an Rialtais. B'iad Méara Chontae Chorcaí, an Comhairleoir Frank O'Flynn, an Taoiseach, Leo Varadkar TD agus an tAire Iompair Eamon Ryan TD a bhí láthair nuair a gearradh an ribín in éineacht le Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Chorcaí Valerie O'Sullivan agus Príomhfheidhmeannach Bhonneagar Iompair Éireann Peter Walsh ar an Luan 6 Samhain.

Tá ceann de na gearrthacha is doimhne a rinneadh riamh in Éirinn ar an gcuid nua seo de bhóthar. Briseadh agus pléascadh os cionn 500,000 m3 de charraig thar thréimhse dhá bhliain ón gcuid seo, agus athchúrsáladh an charraig mar bhunsraith don bhóthar fud fad an tionscadail.

Cuireadh tús le tógáil an bhóthair 22km i mí Eanáir 2020 agus na conraitheoirí Jons Civil Engineering Company Ltd agus John Cradock Ltd ag obair le chéile mar chomhfhiontar. Is é JB Barry & Partners Dearthóir an Chonraitheora agus is é Mott MacDonald Ionadaí an Fhostóra ar an tionscadal.

Is ionann líon na n-uaireanta oibre le linn chéim na tógála agus 1.8 milliún. Bhí baint dhíreach ag 2,200 duine lena n-áirítear innealtóirí, dearthóirí, pleanálaithe, maoirseoirí, tiománaithe tochailteora agus dumpaire, siúinéirí, cruachfhosaitheoirí, lucht leagan píopaí, foirne leagan cosán agus oibrithe bainistíochta tráchta. Bhí breis agus 300 ball foirne tógála ag obair gach lá le linn na buaicphointe an tionscadail.

Síneann an débhealach críochnaithe ó thaobh thoir de Mhaigh Chromtha ag Cúil Chomhair go baile fearainn an tSléibhe Riabhaigh ar an taobh thiar de Bhaile Bhuirne. Seachnaíodh Baile Mhaigh Chromtha mar aon le Baile Mhic Íre agus Baile Bhuirne, mar chuid den tionscadal, rud a fhágann uasghrádú mór ar an mbonneagar bóithre idir Corcaigh agus Ciarraí. Tá ceithre acomhal agus 101 struchtúr príomha ann lena n-áirítear ceithre dhroichead abhann, ceithre thardhroichead, 15 fodhroichead, fallaí coinneála, bunanna do chomharthaí teachtaireachta athraitheacha, lintéir, agus bacainní comhshaoil.

Dúirt Méara Chontae Chorcaí, an Comhairleoir Frank O'Flynn, "Is lá tábhachtach é inniu do mhuintir Ghaeltacht Mhúscraí. Nuair a osclaíodh an chéad chuid den tionscadal seo i mí na Nollag 2022 tháinig laghdú láithreach ar thruailliú aeir i mbaile Mhaigh Chromtha de níos mó ná 50%, rud a thacaigh leis an bpróiseas dícharbónaithe ar bhaile Mhaigh Chromtha. Tá súil againn tairbhe den saghas céanna a fheiceáil Baile Mhic Íre agus do Baile Bhuirne. Déanfaidh an laghdú ar fheithiclí earraí troma rochtain ar na scoileanna agus ar ghnóthaí áitiúla i bhfad níos sábháilte. Déanfaidh an nasc feabhsaithe idir Corcaigh agus Cill Áirne an ceantar seo níos tarraingtí fós d'fhorbairtí tithíochta."

Dúirt an Taoiseach Leo Varadkar TD, "Beidh sé ina bhuntáiste mór do chónaitheoirí Chorcaí agus Chiarraí agus don iliomad cuairteoirí chuig an réigiún álainn seo críochnú an tseachbhóthair seo. Laghdóidh an bóthar seo amanna aistear, bainfidh an brú tráchta as na bailte agus na sráidbhailte fan an bhealaigh agus laghdóidh sé na costais breosla a bhaineann le fíomhaointeas i mbrú tráchta. Agus trácht curtha i dtreo an phríomhbhóthair, is féidir bóithre atá ann cheana a fhorbairt chun bealaí rothaíochta agus siúil níos sábháilte a éascú idir ceantair áitiúla. Trí nascacht a fheabhsú idir Corcaigh, Cill Áirne agus Trá Lí do ghnó agus do thurasóireacht, treiseoidh an tionscadal seo forbairt áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta. Tá sé ag teacht le cur chuige an Rialtais saol nua a thabhairt isteach i lár ár mbailte agus ár sráidbhailte agus an doras a oscailt do raon deiseanna nua dóibh, rud a fhágann gur áit níos fearr le cónaí agus le hoibriú ann agus le cuairt a thabhairt ar Éirinn faoin tuath. Is éacht iontach innealtóireachta é an tionscadal seo agus ba mhaith liom gach duine a bhí páirteach ó na conraitheoirí, Comhairle Contae Chorcaí agus Bonneagar Iompair Éireann a mholadh."

Dúirt an tAire Iompair Eamon Ryan, "Le hoscailt an bhóthair seo, cuirfear tús le brú tráchta laghdaithe agus feabhas ar cháilíocht an aeir i mBaile Mhic Íre agus i mBaile Bhuirne, mar atá feicthe cheana féin i Maigh Chromtha. Feabhsóidh sé seo cáilíocht na beatha do chónaitheoirí áitiúla agus méadóidh sé chomh maith tarraingteacht an taistil ghníomhaigh. Tá sé ag teacht chomh maith le cuspóir an Rialtais Fás Comhdhéanta a chur chun cinn i láir ár mbailte agus ár sráidbhailte, ar Toradh Straitéiseach Náisiúnta é faoin gCreat Pleanála Náisiúnta."

Roimh an oscailt oifigiúil, ghlac na céadta duine páirt i rás agus siúlóid 5km de chuid Chumainn Lúcthchleas Iarthar Mhúscraí (West Muskerry AC) ar an gcuid nua den seachbhóthar Dé Sathairn, 21 Deireadh Fómhair. Bhailigh an ócáid airgead don Ionad Lae i mBaile Bhuirne agus don chlub áitiúil CLG, Naomh Abán.

Dúirt Peter Walsh, Príomhfheidhmeannach Bonneagar Iompair Éireann, "Is lá suntasach é inniu do mhuintir Chontae Chorcaí agus Chontae Chiarraí agus dóibh siúd go léir a úsáideann an N22. Leis an gcuid seo de bhealach an N22 idir Baile Bhuirne agus Maigh Chromtha a thabhairt suas go caighdeán innealtóireachta nua-aimseartha, a sheachadann sábháilteacht agus éifeachtúlacht, is infheistíocht shuntasach é ón Rialtas don réigiún agus cuireann sé le feabhsú leanúnach an ghréasáin bóithre náisiúnta don cheantar a théann chun leasa na tíre ar fad i ndeireadh thiar. Déanfaidh sé difríocht shuntasach do shaol laethúil na ndaoine a chónaíonn, a oibríonn agus a thaistealaíonn ar fud an cheantair."

Dúirt Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Chorcaí, Valerie O'Sullivan, "Tá borradh mór tagtha ar bhaile Mhaigh Chromtha agus ar an gceantar máguaird ó cuireadh cuireadh an seachbhóthar timpeall ar an mbaile. Mar gheall ar an mbrú tráchta a bhaint tá sé ina láthair níos tarraingtí do thiománaithe chun stop a chur ar an mbealach ó Chorcaigh go Ciarraí agus na seirbhísí atá le tairiscint ag Maigh Chromtha a bhlaiseadh. Reáchtáladh an chéad Féile Cheoil Mhaigh Chromtha i mí an Mheithimh, agus an Fhéile Bhia ina dhiaidh sin i mí Mheán Fómhair. Bheinn ag súil le buntáistí cosúla a fheiceáil do shráidbhailte Bhaile Bhuirne agus Bhaile Mhic Íre. Táimid tiomanta d'fhorbairt inbhuanaithe sóisialta agus eacnamaíoch a bhaint amach i gceantair thuaithe agus ár mbailte agus sráidbhailte a dhéanamh ina n-áiteanna tarraingteacha le maireachtáil iontu, le hoibriú iontu agus le cuairt a thabhairt orthu. Tá seachbhóthar Mhaigh Chromtha go Baile Bhuirne mar chuid lárnach de sin agus táim ag tnúth lena thionchar a fheiceáil sna blianta amach romhainn."

Tá Baile Bhuirne agus Maigh Chromtha tar éis líon suntasach tionscadal nua a fheiscint a théann chun sochair cónaitheoirí agus cuairteoirí araon. Tá gairdín céadfach nua agus ionad pobail nua i mBaile Bhuirne anois; spás pobail lasmuigh le suíocháin, snoíodóireacht crann agus clár faisnéise stairiúla agus i Maigh Chromtha tá an Leabharlann nua agus Amharclann an *Briery Gap* le bheith críochnaithe go luath an bhliain seo chugainn agus beidh siad ar oscailt don phobal roimh an samhradh. Osclaíodh stáisiún dóiteáin nua an bhaile le déanaí agus tá stáisiún Gardaí nua le ceanncheathrú rannáin le tosú sna blianta amach romhainn. Tá na hullmhúcháin ar bun chun tionscadail an fhearainn phoiblí ag an gCearnóg Theas agus i mBaile Mheasaigh a chur chun cinn agus chun Eaglais Naomh Colmán a athchóiriú ina spás pobail gníomhach tar éis €7.2m de mhaoiniú RRDF a fhaomhadh i mí na Nollag 2022.

Bunleagan foilsithe ag TII agus ar fáil ag an nasc seo: https://www.tii.ie/news/press-releases/the-n22-macroom/